Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2020
(OR. en)

8357/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0089(NLE)**

WTO 89
AGRI 155
COASI 51

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 213 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 213 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 213 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.5.2020
COM(2020) 213 final

2020/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An 10 Meán Fómhair 2010 d'údaraigh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht[1] maidir le comhaontú leis an tSín chun an leibhéal cosanta is airde a bhaint amach le haghaidh na dtásc geografach a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe agus chun ionstraimí a sholáthar chun cur in aghaidh cleachtais mheabhlacha agus úsáid éagórach na dtásc geografach.

Bunaithe ar na treoracha sin, rinne an Coimisiún comhaontú uaillmhianach cuimsitheach a chaibidliú le Daon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha, agus maidir lena gcosaint.

Tar éis do na caibidlíochtaí a bheith tugtha i gcrích i mí na Samhna 2019, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar maidir le tásca geografacha, agus maidir lena gcosaint.

Tar éis shíniú an chomhaontaithe, tá an togra seo a leanas á chur ar aghaidh ag an gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle:

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus maidir lena gcosaint.

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a ghabhann leis seo an ionstraim dlí chun an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne a thabhairt i gcrích maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus maidir lena gcosaint.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i gcomhréir le straitéis ghinearálta an Aontais maidir leis an mbeartas chun tásca geografacha an Aontais a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh leibhéal ard cosanta a sholáthar, ar leibhéal airteagal 23 TRIPS+ ar a laghad, do liosta thásca geografacha an Aontais i nDaon-Phoblacht na Síne agus tásca geografacha Síneacha san Aontas. Tabharfaidh an tionscnamh buntáiste iomaíoch do tháirgeoirí táirgí a bhfuil tásca geografacha orthu

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá tabhairt i gcrích an chomhaontaithe dhéthaobhaigh maidir le tásca geografacha le Daon-Phoblacht na Síne i gcomhréir le gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais agus go háirithe le cuspóirí an Aontais i ndáil le straitéis an Aontais chun beartas na dtásc geografach a chur chun cinn.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An comhaontú idir an tAontas agus an tSín maidir le Tásca Geografacha, tá sé le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), chomh maith le hAirteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

[1] Doiciméad 13325/10 : https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13325-2010-INIT/en/pdf

Thairis sin, cuireadh isteach Airteagal 218(7) CFAE mar bhunús dlí mar tá sé iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú chun seasamh an Aontais a údarú maidir le modhnuithe faoi leith ar chomhaontú idir an tAontas agus an tSín i dtaca le tásca geografacha, ós rud é go ndéantar foráil ann ar nósanna imeachta brostaithe/nó simplithe chun na modhnuithe sin a údarú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne mar a chuirtear i láthair na Comhairle é, ní chumhdaítear aon ní ann lasmuigh d'inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo i gcomhréir le fís na straitéise Eoraip 2020 agus tá sé ina chuidiú chun aidhmeanna trádála agus forbartha an Aontais a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint, cuimsítear ann forálacha institiúideacha lena leagtar síos Comhchoiste arb é is aidhm dó faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus treisiú a dhéanamh ar chomhar agus ar idirphlé maidir le tásca geografacha.

**Ina theannta sin, féachfaidh an Comhchoiste le feidhmiú cuí an Chomhaontaithe sin a áirithiú agus féadfaidh sé aon ábhar a bhaineann lena chur chun feidhme agus a oibriú a mheas.• Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar síos leis an gcomhaontú idir an tAontas agus an tSín na coinníollacha le haghaidh leibhéal ard cosanta ar an margadh Síneach le haghaidh na dtásc geografach atá beartaithe.

I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach leis na treoracha caibidlíochta, bhain an Coimisiún amach:

Leibhéal cosanta TRIPS-PLUS a thabhairt do thásca geografacha an Aontais tar éis don Chomhaontú teacht i bhfeidhm, leibhéal cosanta lena soláthraítear cosaint in aghaidh aistriúcháin, tras-scríbh nó traslitriú, agus in aghaidh úsáid na dtásc geografach sin lena ngabhann nathanna amhail “cineál”, “sórt”, “stíl”, “aithris” nó rud éigin den sórt sin i leith táirge neamhthionscnaimh**.**

175 thásc gheografacha breise a chosaint laistigh de cheithre bliana ón dáta theacht i bhfeidhm agus sásra chun tuilleadh tásc geografach a chur isteach ina dhiaidh sin;

Beidh an ionstraim ann ag an am céanna leis na trádmharcanna dlisteanacha a bhí ann roimhe sin agus ar le húinéirí dlisteanacha na hEorpa iad.

2020/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a)(v) d'Airteagal 218(6) agus d'Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle (AE) 2020/...[2], síníodh ar LL MMM BBB an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir le tásca geografach agus maidir lena gcosaint (an Comhaontú), faoi réir é a thabhairt i gcrích níos faide anonn,

(2) Tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú atá beartaithe an leibhéal cosanta is airde le haghaidh tásca geografacha a bhaint amach agus ionstraimí a sholáthar chun cur in aghaidh cleachtais mheabhlacha agus úsáid éagórach na dtásc geografach.

(3) Le hAirteagal 10 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá freagrach as na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú,

(4) Is iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 218(7) den Chomhaontú, formheas a dhéanamh, thar ceann an Aontais, ar an seasamh atá le glacadh sa Chomhchoiste maidir le modhnuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinní I agus III go VI den Chomhaontú.

(5) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint a fhormheas thar ceann an Aontais.

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2020/... de ... maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus maidir lena gcosaint (IO L...).

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Chun críocha Airteagal 3 den Chomhaontú, formheasfaidh an Coimisiún seasamh an Aontais maidir leis na modhnuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinní III agus IV chomh maith leis na frásaí comhfhreagacha iomchuí nach mór a scriosadh ó Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an gComhaontú thar ceann an Aontais. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhréiteach tar éis agóidí a fháil a bhaineann le tásc geografach, glacfaidh an Coimisiún seasamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].
2. Chun leasú a dhéanamh ar thagairtí don dlí is infheidhme maidir leis na Páirtithe, formheasfaidh an Coimisiún seasamh an Aontais i dtaca le modhnuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é[4].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus le haghaidh bia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

[4] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.